Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**5359/24**
**ADD 1**

**ENT 11**
**CHIMIE 7**
**MI 33**
**COMPET 44**
**IND 24**
**SAN 22**
**ENV 45**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Eanáir 2024 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | […](2023) XXX draft - D 090609/3 ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX<br>lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a mhéid a bhaineann le ochtaimeitilcioglaiteitrisiolocsán (D4), deacaimeitilcioglaipeintisiolocsán (D5) agus dóideacaimeitilcioglaiheicsisiolocsán (D6) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad […](2023) XXX draft - D 090609/3 ANNEX.

---

Faoi iamh: […](2023) XXX draft - D 090609/3 ANNEX

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
D090609/03
[…](2023) XXX draft

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a mhéid a bhaineann le ochtaimeitilcioglaiteitrisiolocsán (D4), deacaimeitilcioglaipeintisiolocsán (D5) agus dóideacaimeitilcioglaiheicsisiolocsán (D6)**

## IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 70 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006:

| | |
|---|---|
| '70.<br><br>Ochtaimeitilcioglaiteitrisiolocsán<br><br>Uimh. CAS 556-67-2<br>CE Uimh. 209-136-7<br><br>Deacaimeitilcioglaipeintisiolocsán (D5)<br><br>Uimh. CAS 541-02-6<br>CE Uimh. 208-764-9<br><br>Dóideacaimeitilcioglaiheicsisiolocsán (D6)<br><br>Uimh. CAS 540-97-6<br>CE Uimh. 208-762-8 | 1. Ní chuirfear ar an margadh é<br>(a) mar shubstaint léi féin,<br>(b) mar chomhábhar de chuid substaintí eile, ná<br>(c) i meascáin<br>i dtiúchan cothrom le 0.1 % nó tiúchan is mó ná sin de réir mheáchan na substainte faoi seach tar éis an [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta: 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo*].<br>2. Ní úsáidfear é mar thuaslagóir chun teicstílí, leathar agus fionnadh a ghlanadh saor ó uisce tar éis an [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta: 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo*].<br>3. De mhaolú air sin:<br>(a) i gcás D4 agus D5 i dtáirgí cosmaideacha a nítear le huisce, beidh feidhm ag mír 1, pointe (c), tar éis an 31 Eanáir 2020.<br>Chun críocha an phointe seo, ciallaíonn 'táirgí cosmaideacha a nítear le huisce' táirgí cosmaideacha mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) a nitear le huisce tar éis a n-úsáide, faoi ghnáthdhálaí úsáide;<br>(b) maidir le gach táirge cosmaideach seachas na táirgí cosmaideacha a luaitear i mír 3(a), beidh feidhm ag mír 1 tar éis an [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta: 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo*]; |

| | |
|---|---|
| | (c) i gcás feistí mar a shainmhínítear in Airteagal 1 (4) de Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**) agus in Airteagal 1 (2) de Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (***), beidh feidhm ag mír 1 tar éis [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta: 7 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo*];<br>(d) i gcás táirgí íocshláinte, mar a shainítear in Airteagal 1, pointe 2, de Threoir 2001/83/CE, agus i gcás táirgí íocshláinte tréidliachta, mar a shainítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2019/6 (****), beidh feidhm ag mír 1 tar éis [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta: 7 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo*];<br>(e) maidir le D5 mar thuaslagóir i nglanadh saor ó uisce teicstílí, leathair agus fionnaidh, beidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 tar éis an [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta: 10 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo*].<br>4. De mhaolú air sin, ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis an méid seo a leanas:<br>(a) D4, D5 agus D6 a chur ar an margadh le haghaidh na n-úsáidí tionsclaíocha seo a leanas:<br>– mar mhonaiméir i dtáirgeadh polaiméire de shileacón;<br>– mar idirmheánach i dtáirgeadh substaintí eile de shileacón;<br>– mar mhonaiméir i bpolaiméiriú;<br>– i bhfoirmliú nó i bpacáistiú/athphacáistiú meascán;<br>– i dtáirgeadh earraí;<br>– i gcóireáil dromchla neamh-mhiotail; |

| | |
|---|---|
| | (b) D5 agus D6 a chur ar an margadh lena n-úsáid mar fheistí, mar a shainmhínítear in Airteagal 1(4) de Rialachán (AE) 2017/745, chun coilm agus créachtaí a chóireáil agus cúram a dhéanamh dóibh, créachtaí a chosc agus cúram a dhéanamh de stóma;<br>(c) D5 a chur ar an margadh le haghaidh úsáid ghairmiúil i nglanadh nó athchóiriú ealaíne agus seandachtaí.<br>(d) D4, D5 agus D6 a chur ar an margadh lena n-úsáid mar imoibrí saotharlainne i ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha a dhéantar faoi dhálaí rialaithe.<br>5. De mhaolú air sin, ní bheidh feidhm ag mír 1, pointe (b), maidir le D4, D5 agus D6 a chur ar an margadh:<br>– mar chomhpháirt de pholaiméir sileacóin leis féin;<br>– mar chomhábhar de pholaiméir sileacóin i meascán a maolaíodh faoi mhír 6.<br>6. De mhaolú air sin, ní bheidh feidhm ag mír 1, pointe (c), maidir le meascáin a bhfuil D4, D5 nó D6 iontu a chur ar an margadh mar iarmhair ó pholaiméirí de shileacón, faoi na coinníollacha seo a leanas:<br>(a) D4, D5 nó D6 i dtiúchan cothrom le 1 % nó tiúchan is ísle ná sin de réir mheáchan na substainte faoi seach sa mheascán, lena húsáid i ngreamaitheacht, séalú, greamú agus i gcásálach;<br>(b) D4 i dtiúchan cothrom le 0.5 % nó tiúchan is ísle ná sin de réir meáchain, nó D5 nó D6 i dtiúchan cothrom le 0.3 % nó tiúchan is ísle ná sin de réir mheáchan ceachtar den dá shubstaint sa mheascán lena húsáid mar bhratuithe cosanta (lena n-áirítear bratuithe muirí);<br>(c) D4, D5 nó D6 i dtiúchan cothrom le 0.2 % nó tiúchan is ísle ná sin de réir mheáchan na substainte faoi seach sa mheascán, lena húsáid mar fheistí |

| | |
|---|---|
| | mar a shainmhínítear in Airteagal 1 (4) de Rialachán (AE) 2017/745 agus in Airteagal 1 (2) de Rialachán (AE) 2017/746, seachas na feistí sin dá dtagraítear i mír 6(d);<br><br>(d) D5 i dtiúchan cothrom le 0.3 % nó tiúchan is ísle ná sin de réir meáchain sa mheascán nó D6 i dtiúchan cothrom le 1 % nó tiúchan is ísle ná sin de réir meáchain sa mheascán, lena húsáid mar heistí mar a shainmhínítear in Airteagal 1(4) de Rialachán (AE) 2017/745, le haghaidh lorg fiacla;<br><br>(e) D4 i dtiúchan cothrom le 0.2 % nó tiúchan is ísle ná sin de réir meáchain sa mheascán, nó D5 nó D6 i dtiúchan cothrom le 1 % nó tiúchan is ísle ná sin de réir mheáchan ceachtar den dá shubstaint sa mheascán lena húsáid mar bhoinn istigh sileacóin do chapaill, nó mar chrú capaill;<br><br>(f) D4, D5 nó D6 i dtiúchan cothrom le 0.5 % nó tiúchan is ísle ná sin de réir mheáchan na substainte faoi seach sa mheascán, lena húsáid mar thionscnóirí greamaitheachta;<br><br>(g) D4, D5 nó D6 i dtiúchan cothrom le 1 % nó tiúchan is ísle ná sin de réir mheáchan na substainte faoi seach sa mheascán, lena húsáid i bpriontáil 3T;<br><br>(h) D5 i dtiúchan cothrom le 1 % nó tiúchan is ísle ná sin de réir meáchain sa mheascán nó D6 i dtiúchan cothrom le 3 % nó tiúchan is ísle ná sin de réir meáchain sa mheascán, le haghaidh priontáil 3T agus déanamh múnlaí, nó le haghaidh úsáidí ardfheidhmíochta arna gcobhsú ag líonach grianchloiche;<br><br>(i) D5 nó D6 i dtiúchan cothrom le 1 % nó tiúchan is ísle ná sin de réir mheáchan ceachtar den dá shubstaint sa mheascán, lena húsáid i bpriontáil |

| | |
|---|---|
| | pillíní, nó i monarú pillíní priontála;<br><br>(j) D6 i dtiúchan cothrom le 1 % nó tiúchan is ísle ná sin de réir mheáchan an mheascáin, le haghaidh úsáid ghairmiúil i nglanadh nó athchóiriú ealaíne agus seandachtaí.<br><br>7. De mhaolú air sin, ní bheidh feidhm ag mír 1 ná ag mír 2 maidir le D5 a chur ar an margadh lena úsáid mar thuaslagóir i gcórais dhianrialaithe ghlantacháin saor ó uisce le haghaidh teicstíle, leathair agus fionnaidh, i gcás ina ndéantar an tuaslagóir glantacháin a athchúrsáil nó a loscadh.<br><br>(*) Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le táirgí cosmaideacha (athmhúnlú) (IO L 342, 22.12.2009, lch. 59).<br><br>(**) Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n- aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1).<br><br>(***) Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176).<br><br>(****) Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirge íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 004, 7.1.2019, lch. 43).’ |